Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Feabhra 2023
(OR. en, pl)

6740/23
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0197(COD)**

CODEC 247
CLIMA 96
ENV 167
TRANS 70
MI 135

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 a láidriú do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí nua tráchtála éadroma i gcomhréir le huaillmhian aeráide mhéadaithe an Aontais **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón bPolainn**

Cuireann an Pholainn go láidir i gcoinne ghlacadh an ghnímh reachtaigh seo.

Níl sí i bhfabhar na dtáillí ná na n-ualach nua atá á gcur ar shaoránaigh, e.g. tríd an gcostas ar rochtain ar bhreoslaí a mhéadú. Ba cheart aon chostais bhreise a eascraíonn as na hualaí nua a chur ar mhonaróirí seachas ar shaoránaigh. Ba cheart do reachtaíocht an Aontais dreasacht a thabhairt do mhonaróirí gluaisteán feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur ar fáil ar an gcostas is ísle is féidir do shaoránaigh. Ba cheart a chur san áireamh sa reachtaíocht freisin dálaí éagsúla na mBallstát aonair, ionas nach ndéanfar srathú sóisialta, bochtaineacht nó eisiamh sóisialta a ghéarú.

Ba cheart a chur san áireamh sna treochtaí darb aidhm astaíochtaí feithiclí a laghdú an acmhainneacht chun margaidh atá ann i dtaobh shaintréithe teicneolaíochta na monaróirí feithiclí nó trealaimh feithiclí, chomh maith leis na gnéithe eacnamaíocha, agus aird chuí á tabhairt ar acmhainneacht airgeadais shaoránaigh an tíre.

Ina theannta sin, níl aon ghlacadh ag an bPolainn le cuimsiú na ndíolúintí do mhonaróirí sóbhrandaí áirithe; tá an méid sin ar neamhréir leis an bprionsabal ginearálta gur cheart do gach earnáil astaíochtaí a laghdú ar bhealach atá cothrom ó thaobh na sochaí de. Tráth géarchéime, ba cheart maoluithe a dhíriú ar na saoránaigh is boichte seachas monaróirí gluaisteán sóchais. Dá bhrí sin, cuireann an Pholainn in iúl go gcuireann sí i gcoinne an ghnímh reachtaigh seo.